Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**9966/26**

**LIMITE**

**CORLX 558**
**CFSP/PESC 822**
**RELEX 752**
**COEST 427**
**FIN 787**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide, ba cheart beirt daoine dlítheanacha a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES. Ina theannta sin, is iomchuí ceithre eintiteas nua a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir srianta maidir le húdaruithe chun earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, agus earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, cé is moite de na leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, a thiocfaidh i bhfeidhm an lá tar éis lá foilsithe an Chinnidh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)':

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '62. | European Trading Company LLC | ООО Европейская Трейдинговая Компания (ETK) | Seoladh: Room 1, 2; 4a Tenishevoy st., Smolensk, 21400, an Rúis<br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta<br>Áit chláraithe: an Rúis<br>Dáta clárúcháin: 9.10.2012<br>OGRN: 1126733000063<br>KPP: 673201001<br>INN: 6732050064<br>Príomhionad gnó: an Rúis | Is fochuideachta é European Trading Company (ETK) de Belarusian Oil Company (BNK), príomhonnmhaireoir peitriliam na Bealarúise. Is leis na trí fhiontar táirgthe agus scagtha ola is mó i bPoblacht na Bealarúise BNK - is iad sin: Belorusneft, Naftan, agus Mozyr Oil Refinery. Trína struchtúr úinéireachta, tá BNK faoi rialú stát na Bealarúise. Mar fhochuideachta de BNK, tá ETK faoi rialú agus faoi úinéireacht indíreach na n-eintiteas sin freisin. Cruthaíodh an chuideachta ETK chun táirgí peitriliam arna dtáirgeadh ag Naftan agus Mozyr Oil Refinery a dhíol ar chríoch Chónaidhm na Rúise. Liostaíonn ETK BNK, Naftan, Belorusneft agus Mozyr Oil Refinery mar chomhpháirtithe aige. Dá bhrí sin, tá baint ag ETK le heintitis a thacaíonn le réimeas Lukashenka agus tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú eintiteas den sórt sin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh cur chun feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Ríomhphost: info@etkoil.ru<br>Teileafón: +7 (4812) 24 01 15<br>Suíomh gréasáin: https://www.etkoil.ru<br>Eintitis chomhlachaithe: OJSC Naftan; OJSC Mozyr Oil Refinery; State Production Association Belorusneft; Belarusian Oil Company (BNK) | | |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 63. | OJSC Mozyr Oil Refinery OAO<br>ar a dtugtar freisin Mozyrskii Neftepererabatyvayushchii Zavod | ОАО Мозырский нефтеперерабатывающий завод | Seoladh: Mikhalki v/c 18, Mozyr district, Gomel region, 247782, Poblacht na Bealarúise<br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte, Scaglann Ola<br>Áit chláraithe: an Bhealarúis<br>Dáta clárúcháin: 26.12.1991 | Tá Mozyr Oil Refinery ar cheann den dá scaglann ola sa Bhealarúis. Is cuid den ghnóthas Belneftekhim é, atá faoi réir bearta sriantacha ag an Aontas ón 3 Lúnasa 2023, agus tá sé faoi úinéireacht iomlán, nach mór, ag stát na Bealarúise agus Slavneft. Tá tábhacht shuntasach ag baint leis an scaglann do réimeas Lukashenka. Tá Mozyr Oil Refinery ina pháirtúinéir freisin ar Belarusian Oil Company (BNK), ar príomhonnmhaireoir peitriliam na Bealarúise é, in éineacht le Belorusneft agus Naftan. Dá bhrí sin, tá Mozyr Oil Refinery faoi rialú eintiteas a thacaíonn le réimeas Lukashenka agus a bhaineann tairbhe as, agus tá baint ag Mozyr Oil Refinery le heintitis den sórt sin. Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé do gheilleagar na Bealarúise, tá Mozyr Oil Refinery ag tacú le réimeas Lukashenka agus ag baint tairbhe as freisin. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh cur chun feidhme seo.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise) | Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise) | Faisnéis Aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Cláruimhir: 400091131<br>Príomhionad gnó: an Bhealarúis<br>Teileafón: +375 236 37 -33 - 30<br>Ríomhphost: office@mnpz.by<br>Suíomh gréasáin: https://mnpz.by<br>Eintitis chomhlachaithe: Belarus State Property Committee OJSC Naftan; State Production Association Belorusneft; OJSC Belarusian Oil Company (BNK) Belneftekhim; European Trading Company LLC (ETK) | | |

PUBLIC

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear na heintitis seo a leanas isteach ar liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 2c(7), 2d(7) agus 2da:

'CHIP AND DIP LLC

OJSC Rogachev Plant Diaprojector

DISPLAY DESIGN BUREAU JSC

CJSC "Hull Products Plant".'

PUBLIC